



Gaelscoil Thaobh na Coille

22/06/2016

Lá lontach i bPáirc an Chrócaigh



Foireann Camógaíochta - Buaiteoirí Corn Olly Quinlan



Foireann Iománaoche - Buaiteaoirí Corn Ághais

Bhí lá stáiriúil ag Gaelscoil Thaobh na Coille i bPáirc an Chrócaigh Dé Luain 20 Meitheamh. Ní hamháin go raibh foireann iomána agus camógaíochta na scoile ag iomaíocht i gCraobhacha Chumann na mBunscol ach d'fhill an dhá fhoireann ar an scoil le corn. Is fior annamh go mbíonn an bua ag foireann iomána agus camógaíochta ó scoil amháin an bhliain chéanna! D'éirigh leo an éacht céanna a bhaint amach, nach mór, i rith an tséasúr peile nuair a bhuaigh peileadóirí sinsear na scoile Corn Chlanna Gael agus bhuaigh foireann na gcaillíní Sciath an Chladaigh. Dá bhrí sin, bhí ceithre chomórtas Cumann na mBunscol as ceathair buaite ag Gaelscoil Thaobh na Coille laistigh den aon scoilbhliain amháin. Níor éirigh le haon scoil é sin a dhéanamh ó bunaíodh Cumann na mBunscol sa bhliain 1928.

Craobh Camógaíochta	Corn Olly Quinlan	Gaelscoil Thaobh na Coille	V	Scoil Treasa	scór 7-09 v 3.02
Craobh Iománaíochta	Corn Ághais	Gaelscoil Thaobh na Coille	V	Scoil Eoin Bosco	scór 1.11 v 1.10

Gaelscoil Thaobh na Coille enjoyed a hugely historic day in Croke Park on Monday 20th of June. Not alone did the hurlers and camogie players reach the Cumann na mBunscol finals but both successfully returned to the school with silverware. It is a rare achievement for a school to reach a boys and girls' finals in the one year. Add to that the cup and shield won during the football competition and Gaelscoil Thaobh na Coille have won four competitions in the one school year. It is a feat that has never been achieved previously in the Cumann's 88 year history.



Captaein Sean Ó Drisceoil & Caoimhe Ni Mhathúna



Painéal na mBuachaillí & Painéal na gCailíní

Gaelscoil Thaobh na Coille

Leathanach 2



Lúthchleasaíocht Athletics

Comhghairdeas ó chroí leis na lúthchleasaithe uilig a ghlac páirt sna comórtaisí páirce i Seantraibh Dé Luain 23 Bealtaine 2016. Ghlac timpeall 200 scoil páirt ann agus iad i mbun caitheamh meáchain, léimt fhada/ard, cliathrás agus an rás 600m. D'éirigh le ceathrar páiste ó Gaelscoil Thaobh na Coille teacht abhaile le boinn. Ba iad sin David Bosch (cliathrás faoi 12) agus Brendan Ó Cionnaith (600m faoi 11) a ghnóthaigh an chéad áit agus tháinig Liam Ó Donaile (600m faoi 12) agus Róisín Ní Chathasaigh (600m faoi 14) a tháinig sa dara háit. Maith sibh!



Congratulations to all our athletes who participated in this year's Cumann na mBunscol athletics field event day in Santry on Monday 23rd May. Roughly 200 schools took part on the day in the following events – shot putt, long/high jump, hurdles and the 600m. Four participants from Gaelscoil Thaobh na coille came home with medals. Well done to David Bosch (hurdles U12) and Brendan Ó Cionnaith (600m U11) who won gold medals and Liam Ó Donaile (600m U12) and Róisín Ní Chathasaigh (600m U14) who both brought home silver.



Bhí an ghrian ag scoilteadh na gcloch ar an Lá Traic i Seantraibh (30/5/16). Tréasláimid le Ruth Ní hAoláin a tháinig sa 3ú háit sa rás 60m Faoi 10. Chomh maith leis sin d'éirigh le cailíní agus buachaillí F10 an 3ú háit a ghnóthú san rás sealáiochta. Ba iad Ruth Ní hAoláin, Clodagh Ní Chartúin, Meave Ní Ghrádaigh, Caroline Ní Fhaoláin agus Aoife Ní Néill a bhí ar fhoireann na gcailíní agus rith Ted Ó hUigín, Charlie Flusk, Óran Ó Braonáin, Nicholas Ó Tóibín agus Cathal Ó Craidiún ar son na mbuachaillí. Comhghairdeas leo.

The Track Event Day in Santry was another successful one for the pupils of Taobh na Coille. Ruth Ní hAoláin did us proud when she brought home a bronze medal in the 60m sprint U10. Both our girl's and boy's U10 relay teams also came 3rd in the final. Well done to Ruth Ní hAoláin, Clodagh Ní Chartúin, Meave Ní Ghrádaigh, Caroline Ní Fhaoláin and Aoife Ní Néill who represented the girls and Ted Ó hUigín, Charlie Flusk, Óran Ó Braonáin, Nicholas Ó Tóibín and Cathal Ó Craidiún who ran for the boys.

Seachtain Spóirt & Spraoi Fun for All Week



Bhí seachtain spóirt & spraoi againn i lár mí Meitheamh agus nach orainne a bhí an t-ádh leis an aimsir. Bhí cluichí agus imeachtaí spráíula ar siúl do chách i rith na seachtaine, cluichí craiceáilte, siúlóidí, unihoc. Eitpheil, cispeil agus alán lán eile. Chríochnaíomar an tseachtain le comórtais reatha do na ranganna ar fad.

A week of fun and games was held in the school in mid June and we were extremely lucky with the fine weather we had. The week was packed with games, sports & fun activities for all, novelty games, walks, unihoc, volleyball, basketball, bouncy castles and lots more. We finished off the week with our sports day with races for all the classes.



Siúlóid Scoile School Sponsored Walk



Eagraíonn Coiste na dTuismitheoirí Siúlóid Urraithe gach bliain le hairgead a thiomsú don scoil. Bhailigh daltaí agus tuismitheoirí na scoile le chéile ag 8am ar maidin ar an gCéadaoin an 1 Meitheamh le siúlóid bhreá a dhéanamh roimh thús an lae scoile. B'íontach an radharc an slua móra a fheiceáil ag siúl amach ón scoil agus suas Bóthar Bhaile Mhic Aogáin. Thiomsaigh an siúlóid urraithe os cionn €3,000 don scoil. Mile buiochas leo siúd a siúl, a bhaligh airgead nó a thug urraíocht dóibh siúd a shiúl. *Buiochas freisin leis an gCoiste a d'eagraigh an siúlóid.*

Our Parents committee organise a school sponsored walk every year to raise funds for the school. On Wednesday the 1st of June our pupils and parents meet up at the school at 8am in the morning to head off for a sponsored walk around the area. What a sight it was to see the pupils and parents walking in their hundreds out the school gates and up Aiken's Village Road. The sponsored walk raised over €3,000 for the school. Thanks to everyone who walked, collected money or sponsored walkers. Buiochas freisin leis an gCoiste who organised the event.

An Bhréatain Bheag Wales



Tá ceangail déanta againn le scoil lán Bhréatainise i Holyhead. Ysgol Gymraeg Morswyn an t-ainm atá uirthi. Thug daltaí R5 aghaidh ar an nBreatain Bheag ar an 7 Meitheamh. Sheol siad ar an 'Ulyses', long de chuid Irish Ferries ón mBallá Thuaidh i mBaile Átha Cliath ag 8am agus d'fhlileadar ar an 'Swift' níos déanaí an tráthnóna sin. Bhí an-lá go deo ag na páistí agus bhaineadar an-taitneamh as bualach lena gcairde nua sa Bhréatain Bheag. An tseachtain dár gcion thug daltaí ó Ysgol Gymraeg Morswyn cuairt ar Gaelscoil Thaobh na Coille.

Our School has linked up with an all Welsh speaking school in Holyhead called Ysgol Gymraeg Morswyn. Our 5th class pupils visited Wales on the 7th of June, leaving East Wall on the Irish Ferries ship 'Ulyses' at 8am and returning later that evening on the 'Swift'. The children had a great day and really enjoyed meeting up with their new Welsh friends in Holyhead. The following week the pupils from Ysgol Gymraeg Morswyn visited Gaelscoil Thaobh na Coille.



AIFREANN
DEIREADH BLIANA
END OF YEAR MASS

Luan
28 Meitheamh

12:00 a chlog



Halla na Scoile
School Hall

Fáilte Roimh Thuistí
Parents Welcome

Saoire an
tSamhraidh
Summer Holidays



Scoil ag Dúnadh
School Closing
Déardaoin : Thursday
31/06/16
12.00 a chlog

Ath-oscailt
Re-opening
Déardaoin Thursday
01/09/2016

Buaiteoir an Chomórtais
GRADAM don MHÍR is FEARR



Giulia, Rebecca & Martha Nic Eoin
 R5A & R3B

GRADAM NA HÓIGE

Maeve, Sophie, Ruth, Fodhra R3B

GRADAM ARD-MHOLADH

SÁR-AMHRÁNAÍ

Saidhbh Poullain R4B

SÁR-AMHRÁNAÍ le FÉINTIONLACAN

Finn Mac Gabhann R4A

SÁR-AMHRÁNAÍOCHT

Aimee & Rachel R6

SÁR-CHEOLTÓIR

Jack Ó Ciardubháin R3

SÁR-CHEOLTÓIR Í

Cillian, Charlotte, Neasa, Jack, Evan R5A
 SÁR-CHEOLTÓIR Í TRAIDISIÚNTA

David Bosch, David Ó hAoláin R6

SÁR-PHIANADÓIR

Fionn Ó Briain R4B

SÁR-RINCEOIR

James Ó Dubhleach R5B

SÁR-RINCEOIRÍ

Sophie Ní Mhaolchathail & Rachel Ní Aonghusa R4A

SÁR-BHANNA

Jack, Sophie, Róisín, David, Liam R6

SÁR-GHRÚPA

Jack, David, Síofra, Judith R6

SÁR-GHLEACAITHE

Kate & Martha R3B

SÁR-AISTEOIRÍ

Grace & Adriana R4A

SÁR CHUR I LÁTHAIR

Céide, Jeanne, Ciara R4A

SÁR-CHOMHOIBRIÚ

Macdara, Seimí, Leon, Dónal, James, Seán, Shona, Sorcha, Éabha, Hannah R5B

SÁR-MHÍR a léirigh Bród Scoile

Caoimhe & Ava R4A

SÁR-SCILEANNA

Dónal Ó Muirí R5B

Seó Tallainne 2016 Talent Show

Bhí Seó Tallainne na scoile ar siúl ar an Aoine seo chaite an 17 Meitheamh. Daltaí ó R 3 go R 6 a ghlac páirt ann. Bhí míreanna de gach saghas le feiceáil ar an ardán : amhránaíocht aonair, ceol traidisiúnta, taispeántas, rince, grúpaí amhránaíochta, rince gaelach, ceol claisiceach agus alán eile. Tá ard-mholadh tuillte ag na daltaí ar fad a bhí san iomaíocht sa chomórtas – bhí an-chaighdeán go deo ann.

The Final of our annual talent show was held on Friday last the 17th of June. Pupils from R3 to R6 participated in the show with acts including solo singing, traditional music, gymnastics, dance routines, bands, Irish dancing, classical music and lots more. The standard was exceptionally high and each and every one of the participants deserve great praise on their performance.

DLÚTHDHIOSCA CÉOIL Music CD

Tá ár ndlúthdhiosca ‘Fiche Bliaín ag Fás’ thaifeadta go hiomlánanois agus tá sé á dhó faoi láthair. Beidh siad réidh & agaínn i lár an tSamhraidh. Seolfaimíodh an dlúthdhiosca i mí Meán Fómhair agus beidh deis agaibh iad a cheannach ansin. Tá míreanna ceoil ó gach rang leibhéal sa scoil, banna ceoil scoile, ceoltóirí aonair & banna ceoil na múinteoirí le cloisteáil ar an diosca agus tá sé gleoite!



Our music CD ‘Fiche Bliaín ag Fás’ is finish and is being produced at present. It will be ready during the Summer. We will launch the CD in September and you will have a chance to buy it then. The CD features music and songs from every class level in the school alongside instrumental pieces from the banna ceoil, individual musicians as well as banna ceoil na múinteoirí and it’s really lovely!

Socraithe Scoile do 2016/2017

Bille Scoile : Muna bhfuil an bille scoile ioctha agat ar mhiste leat é sin a dhéanamh gan mhoill. *Please pay school bill without delay if you haven't done so already.*

Éide Scoile: Ordaigh aon chuid den éide scoile atá ag teastáil go luath : The Schoolwear House , Unit 3, Ballyogan Business Pk 292 1540 www.schoolwearhouse.ie Order any items of school uniform you need early - dont leave until last minute.

Fágáil na Scoile: Muna mbeidh do pháisté ag filleadh ar Ghaelscoil Thaobh na Coille an bhliain seo chugainn ar chúis ar bith, ar mhiste libh é sin a chur in iúl dúinn láithreach. *If your child is not returning to Gaelscoil Thaobh na Coille next year for whatever reason can you please let us know immediately.*

Earraí Caillte: Beidh na h-earraí ‘caillte’ ar fad á leagadh amach againn ar bhord sa halla ar an gCéadaoin. Lost property and any items of clothing found around the school will be displayed in school hall on Wednesday.

Nuachtíltir Lúnasa : Seolfar Nuachtíltir amach chugaibh ag deireadh mí Lúnasa leis na socraithe ranga & rí don scoilbhliain seo chugainn 2016/2017 You will receive a newsletter by post & e-mail in late August informing you of class arrangements etc. for the 2016/2017 school year.

Féilire 2016/2017: Tá féilire don Scoil Bhliain seo chuaginn 2016/2017 le fail ar shuíomh ghréasáin na scoile. 2016/2017 School Calendar can be found on the school website www.taobhnacoille.ie

Saoire an tSamhraidh: Scoil ag dúnadh do shaoire an tSamhraidh ar an Déardaoin ag a 12 a chlog. *School closing for summer holidays at 12 mid-day on Thursday.*

Scoil ag Ath-oscailt do 2016/2017 School re-opens : Déardaoin an 01/09/2016